

Tyco

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi phoist nua atá le cruthú i gCorcaigh. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, an féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar ainm na hollscoile seo?

CIT (Cork Institute of Technology): _____

Ceist 2 An bhfuil Gaeilge agat ar na focail / téarmaí seo thíos a bheidh le cloisteáil sa mhír? Bí ag obair leis an duine in aice leat, agus mura bhfuil sibh cinnte féachai gí san fhoclóir.

- business service centre: _____
- to register their details: _____
- safety & fire security company: _____
- to make suitable: _____
- economic: _____
- manufacturing: _____
- information technology: _____
- provision of goods: _____
- abroad: _____
- policy: _____
- to compete: _____
- educational sector: _____
- recruitment: _____

Féachai gí ar an mír den chéad uair agus féachai gí an raibh an ceart agaibh.

Ceist 3 Féach ar an mír den dara huair agus freagair na ceisteanna:

- (1) Cad atá fógartha ag an gcomhlacht *Tyco*?
- (2) Cén cineál comhlachta é *Tyco*?
- (3) Cé mhéad post a cailleadh sé bliana ó shin sa chomhlacht agus cén fáth?
- (4) Cén cineál oibre a bheidh i gceist leis na poist nua a chruthófar?
- (5) Cad a bhí le rá ag Treasa Morgan?
- (6) Cad a bhí le rá ag an Aire Fiontair?

Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Ceist 4 ‘...dul thar lear...’

Tá a lán nathanna cainte sa Ghaeilge a bhfuil an briathar dul (téigh) iontu.

An féidir leat féin agus an duine in aice leat an dá cholún thíos a cheangal?

1	Dul thar fóir	a	Dul chun cónaí i dtír eile
2	Dul i méid	b	Dul ar strae
3	Dul faoi scian	c	Do chiall a chailleadh
4	Dul as do mheabhair	d	An iomarca a dhéanamh
5	Dul amú	e	Obráid a bheith agat
6	Dul ar imirce	f	Éirí níos mó

Anois déanaigí iarracht na nathanna sa chéad cholún a chur in abairtí lena mbrí a léiriú.

Ceist 5 ‘...do dhaoine a mbeadh spéis acu...’

Seo sampla den **chlásal coibhneasta indíreach** thuas.

Baintear úsáid as an mír choibhneasta chun na clásail in abairtí a cheangal le chéile. Bíonn an clásal coibhneasta **indíreach** i gceist áfach, nuair a bhíonn **forainm réamhfhoclach** nó **aidiacht shealbhach** sa dara clásal ag tagairt siar don chlásal a thagann roimhe.

Mar shampla:

- *Sin **an bhean ar thu**g mé an t-airgead **di**.*
(Tá an forainm réamhfhoclach ‘di’ ag tagairt siar do ‘an bhean’. i. Is í an duine céanna atá i gceist leis an dá fhocal sin.)
- *Sin **an bhean ar bhris** a mac an fhuinneog.*
(Tá an aidiacht shealbhach ‘a’ ag tagairt siar do ‘an bhean’.)

Is í an mhír choibhneasta san aimsir láithreach, san aimsir ghnáthláithreach agus san aimsir fháistineach ná:

*a + urú (dearfach) – Seo é an fear **a n-ólann** a chat uisce beatha.*

*nach + urú (diúltach) – Seo é an fear **nach n-ólann** a chat uisce beatha.*

Is í an mhír choibhneasta san aimsir chaite ná:

*ar + séimhiú – Sin an dalta scoile **ar cheannaigh** mé an leabhar uaidh.*

*nár + séimhiú – Sin an dalta scoile **nár cheannaigh** mé an leabhar uaidh.*

Bí cúramach leis na briathra mírialta áfach! Leanann an fhoirm cheisteach na míreanna coibhneasta. Mar shampla:

- An **raibh** tú ann?
- Sin an fear **a raibh** a mhac ann.
- An **ndeachaigh** tú abhaile ar a haon a chlog?
- Sin an duine **a ndeachaigh** a bhean chéile abhaile ar a haon?

Ceangail na habairtí thíos le chéile. Bain úsáid as an gclásal coibhneasta indíreach.

1. (Is maith liom scannáin)(Tá Colin Farrell iontu)
2. (Sin an siopa)(Oibríonn Síle ann)
3. (Chas mé le mo chara)(Tá cónaí air i Luimneach)
4. (Sin an rud)(Tá mé ag caint faoi)
5. (Chonaic mé an buachaill)(Bhuaigh a theaghlach an pota óir sa chrannchur náisiúnta)
6. (Rachaidh mé go dtí an coláiste)(Beidh Máire ag freastal air.
7. (An raibh aithne agat ar an bhfear?)(Ní raibh aon airgead aige)
8. (An é sin an créatúr?)(Bhí gach duine ag magadh faoi)

Ceist 6

Pléigh an cheist seo leis na daoine eile i do ghrúpa:

An bhfuil an ghéarchéim eacnamaíochta críochnaithe in Éirinn?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

Ceist 2

business service centre:	<i>lárionad seirbhísí gnó</i>
to register their details:	<i>a gcuid sonraí a chlárú</i>
safety & fire security company:	<i>comhlacht slándála agus cosanta tine</i>
to make suitable:	<i>a chur in oiriúint</i>
economic:	<i>eacnamaíoch</i>
manufacturing:	<i>déantúsaíocht</i>
information technology:	<i>teicneolaíocht eolais</i>
provision of goods:	<i>soláthar earraí</i>
abroad:	<i>thar lear</i>
policy:	<i>beartas</i>
to compete:	<i>dul san iomaíocht</i>
educational sector:	<i>earnáil oideachais</i>
recruitment:	<i>earcaíocht</i>

Ceist 3

1. Tá sé fógartha ag an gcomhlacht idirnáisiúnta slándála *Tyco* go bhféadfaí cúig chéad post a chruthú anseo go gceann trí bliana sa lárionad seirbhísí gnó atá siad a lonnú i gCorcaigh.
2. Is comhlacht slándála agus cosanta tine é; agus is é an comhlacht is mó den chineál sin ar domhan.
3. Cailleadh cúig chéad post sé bliana ó shin sa chomhlacht, i gCorcaigh agus i mBaile na Sionainne. Dúnadh na hionaid sin de bhrí nach bhfuil brabús le déanamh as an déantúsaíocht in Éirinn níos mó.
4. Beidh obair thaighde agus forbartha ar siúl agus cuirfear seirbhísí airgeadais, teicneolaíochta eolais agus soláthar earraí ar fáil san ionad in Éirinn, d'ionaid an chomhlachta ar fud an domhain
5. Deir sí gur dea-scéala atá ann do mhic léinn, go háirithe ó dheisceart na tíre, go mbeidh poist le fáil acu agus nach mbeidh orthu dul thar lear.
6. Dúirt an tAire Richard Bruton gur léirigh an beartas a bhí fógartha ag *Tyco* inniu go raibh Éire in ann dul san iomaíocht arís anois, ó thaobh gnó den tsórt seo a mhealladh. Dúirt sé go raibh tréan iarrachtaí ar siúl ag an earnáil oideachais le fada an lá chun na scileanna a bheadh riachtanach don ionad seirbhísí nua seo a fhorbairt i measc an phobail.

Ceist 4

1d, 2f, 3e, 4c, 5b, 6a

Ceist 5

1. Is maith liom scannáin a bhfuil Colin Farrell iontu.
2. Sin an siopa a n-oibríonn Síle ann.
3. Chas mé le mo chara a bhfuil cónaí air i Luimneach.
4. Sin an rud a bhfuil mé ag caint faoi.
5. Chonaic mé an buachaill ar bhuaigh a theaghlach an pota óir sa chrannchur náisiúnta.
6. Rachaidh mé go dtí an coláiste a mbeidh Máire ag freastal air.
7. An raibh aithne agat ar an bhfear nach raibh aon airgead aige?
8. An é sin an créatúr a raibh gach duine ag magadh faoi?

Ceist 6

Is féidir leis na daltaí an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Máire T. Ní Mhadaoin

Tá sé fógartha ag an gcomhlacht idirnáisiúnta slándála *Tyco* go bhféadfaí cúig chéad post a chruthú anseo go gceann trí bliana sa lárionad seirbhísí gnó atá siad a lonnú i gCorcaigh. Moltar do dhaoine a mbeadh spéis acu iarratas a dhéanamh ar phost san ionad nua a gcuid sonraí a chlárú ar shuíomh idirlín an chomhlachta.

Grett O'Connor

Tá *Tyco* mar an comhlacht slándála agus cosanta tine is mó ar domhan. Sé bliana ó shin cailleadh cúig chéad post¹ sa chomhlacht seo in Éirinn ag dhá ionad i gCorcaigh agus i mBaile na Sionainne. Ach inniu fógraíodh go mbeidh cúig chéad post nua á gcruthú ag *Tyco* sa tír seo, as seo go gceann trí bliana. Is sampla maith é scéal *Tyco* den tslí inar féidir le comhlachtaí iad féin a chur in oiriúint d'éileamh an mhargaidh idirnáisiúnta. Níl sé eacnamaíoch a bheith i mbun déantúsaíochta anseo in Éirinn a thuilleadh agus sin an chúis gur druideadh na hionaid a bhí ag *Tyco* anseo in 2007 agus in 2008. Ach tá ré nua ag tosnú anois agus beidh mór-ionad ag *Tyco* in Éirinn arís, i mbun oibre difriúla an uair seo. Inniu, d'fhógair *IDA Ireland* agus an tAire Fiontair, Richard Bruton, go raibh sé beartaithe ag *Tyco* a lárionad seirbhísí domhanda a chur ar bun i gCorcaigh. Beidh obair taighde agus forbartha ar siúl anseo acu agus cuirfear seirbhísí airgeadais, teicneolaíocht eolais agus soláthar earraí ar fáil anseo d'ionaid an chomhlachta ar fud an domhain.

Treasa Morgan

Bhuel, is dea-scéala é seo do mhic léinn ó CIT agus ó choláistí eile sa deisceart. Anois, tá seans i bhfad níos fearr acu post a fháil anois i gCorcaigh, agus gan a bheidh ag dul thar lear.

Grett O'Connor

Dúirt an tAire Richard Bruton gur léirigh an beartas a bhí fógartha ag *Tyco* inniu go raibh Éire in ann dul san iomaíocht arís anois, ó thaobh gnó den tsórt² seo a mhealladh. Dúirt sé go raibh tréan iarrachtaí ar siúl ag an earnáil oideachais le fada an lá chun na scileanna a bheadh riachtanach don ionad seirbhísí nua seo a fhorbairt i measc an phobail. Beidh an earcaíocht don ionad nua ag tosnú láithreach bonn. Grett O'Connor, Nuacht TG4, Corcaigh.

¹ *postanna* a deirtear

² *den sórt* atá sa Chaighdeán Oifigiúil ach tá *den tsórt* an-choitianta sa chaint.